Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021
(OR. en)

8198/21
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0243(COD)

CODEC 594
CADREFIN 237
FIN 354
POLGEN 68
ACP 41
COEST 101
MAMA 81
DEVGEN 92
COLAC 32
COAFR 121
COASI 65
CORLX 262
COHOM 86
ECOFIN 429
ASIM 28
MIGR 87
ATO 33

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, agus glacadh an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gComhairle maidir le rialachas i ndáil leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda**

De bhun Airteagal 16(1) CAE, feidhmíonn an Chomhairle feidhmeanna sainithe beartas agus feidhmeanna comhordaitheacha. Cuireann an Chomhairle freisin leis an gcreat beartais foriomlán maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – An Eoraip Dhomhanda dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo. Déanann NDICI – An Eoraip Dhomhanda 10 n-iar-ionstraim a shruthlíniú in aon ionstraim leathan chuimsitheach amháin. Chuige sin, tá gá le treoir straitéiseach bhreise ón gComhairle maidir le príomhchuspóirí agus príomhthosaíochtaí beartais na hionstraime,

lena n-áirítear comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus comhlántacht níos fearr a áirithiú le hionstraimí agus beartais ábhartha eile de chuid an Aontais chun luachanna agus leasanna an Aontais a shaothrú.

Agus roinnt na n-inniúlachtaí agus na ról idir institiúidí an Aontais á hurramú, agus chun bonn eolais a chur faoina treoir straitéiseach, tá sé beartaithe ag an gComhairle tuairimí a mhalartú go rialta agus obair leantach a dhéanamh maidir leis na roghanna straitéiseacha foriomlána don chlársceidealú, lena n-áirítear leithdháileadh chistiú cholúin gheografacha agus théamacha na hionstraime, chomh maith le húsáid a bhaint as colún na mearfhreagartha agus leas a bhaint as cúlchiste na ndúshlán agus na dtosaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Ba cheart a chumhdach leis na malartuithe tuairimí sin an faireachán ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní i ndáil leis na spriocanna caiteachais, fionraí chúnamh seachtrach an Aontais faoin ionstraim, chomh maith le torthaí meastóireachtaí geografacha agus téamacha.

Ina theannta sin, ba cheart a chumhdach leis na malartuithe tuairimí sin an chaoi a n-úsáidtear cistiú an Aontais chun na cuspóirí a leagtar amach san ionstraim a bhaint amach, *inter alia*, an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur leis an mbochtaineacht; forbairt inbhuanaithe, comhrac an athraithe aeráide; an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn, agus tacú leo, agus úsáid an tsásra chistiúcháin sholúbtha maidir leis an imirce agus an chaoi a bhféadfaí an cistiú a athrú mar thoradh ar chur i bhfeidhm na dtorthaí giarála is gá.

Iarrtar ar an gCoimisiún faisnéis ábhartha a chur ar fáil chun malartú tuairimí leis an gComhairle a éascú agus na seasaimh ón gComhairle a chur san áireamh go hiomlán.

Cé go soláthraíonn an Chomhairle treoir straitéiseach agus go n-áirithíonn sí comhordú foriomlán, feidhmeoidh ionadaithe na mBallstát sa Choiste arna bhunú le Rialachán NDICI – An Eoraip Dhomhanda a ról i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart an Coiste a thionól i bhformáidí éagsúla dar cúram réimsí sonracha idirghabhála, amhail gníomhaíochtaí geografacha, téamacha, mearfhreagartha, chun go bhféadfaidh na Ballstáit an saineolas iomchuí a chur ar fáil. Ba cheart d'ionadaithe na mBallstát tuairimí a mhalartú go rialta leis an gCoimisiún maidir le clársceidealú ilbhliantúil NDICI – An Eoraip Dhomhanda, go háirithe maidir le colúin gheografacha agus théamacha, na hathbhreithnithe meántéarma agus maidir le hathbhreithnithe *ad hoc* ar chláir ilbhliantúla théascacha. Féadfaidh ionadaithe na mBallstát a iarraidh go scrúdófaí ábhair a bhaineann le cur chun feidhme na hionstraime. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid thuas a léiriú ina thogra le haghaidh rialacha nós imeachta an Choiste.